Glac an Bhoird Bainistíochta leis an polasaí athbhreithnithe ar an 27/5/09

Polasaí Obair Bhaile

Cuireadh an polasaí seo le chéile chun cabhrú le tuistí a thuiscint céard a tharlaíonn maidir le obair bhaile I nGaelscoil an Eiscir Riada. Déantar ath-bhreithniú nuair is gá I gcomhair le tuistí , múinteóirí agus daltaí. Déanadh an ath-bhreithniú deirneach I 2008/2009.

Réamhrá

Mar thuismitheoir is tusa an chéad múinteoir a bhíonn ag do phaistí. Múineann tú dóibh gach atá ar eolas acu sula dtagann siad ar scoil-conas ithe, conas cainte, conas spraoi agus rl. Ní chríochnaíonn an obair seo nuair a thagann do phaiste ar scoil, tá cumhacht iontach fós agat in oideachas agus I bhforbairt do pháiste; tá cumhacht iontach agat in obair bhaile do pháiste. Is nasc tábhachtach í an obair bhaile idir an bhaile agus an scoil. Nuair a ghlacann tuistí suim agus nuair a thugann siad tacaíocht do dhaltaí san obair bhaile eiríonn níos fearr leis na daltaí sin. Nuair ata a fhios ag daltaí go bhfuil suim ag tuistí ina obair agus nuair a ghlacann tuistí ról gníomhach in obair an dalta, bíonn níos mó bród acu ina gcuid oibre agus déanann siad níos mó iarracht leis an obair. De bhárr seo foghlaíonn an dalta go heifeachtúil, bíonn níos mó féin-mhuinín aige/aici agus bíonn sé/sí níos sona.

Ar an lámh eile, muna nglacann tuistí ról gníomhach in obair an pháiste, cailleann daltaí suim agus ní bhíonn caighdeán na hoibre cothrom. Nuair nach bhfuil caighdéan an obair bhaile go maith nó nuair nach ndéantar obair bhaile go rialta titeann daltaí siar agus tá seans nach sroicfidh an dalta a chumas iomlán.

Sa liosta thíos tá treoireacha maidir le méid na hoibre a thugtar agus conas obair bhaile a chuir I gcríoch chomh maith le conas a leagtar amach an obair ar scoil. Léigh na treoireacha seo go cúramach, le do thoil.

An Ghaeilge agus Obair Bhaile

- Amanta ní bhíonn tuismitheoir cinnte mar gheall ar chabhrú le daltaí le hobair bhaile tré mhéan na Gaeilge. Tá na nithe seo a leannas chun cabhrú leat le sin.
- Tá an obair bhaile I Rang na Naí. Bheaga scríofa as Béarla agus Gaeilge.
- Tá an obair bhaile réitithe leis na daltaí ar scoil roimh ré dá bhrí sin tá a fhios ag na daltaí iad féin céard atá le déanamh.
- Tá cuid de na téasc leabhair le fáil I mBéarla dara lámhach ón siopa leabhair nó ar iasacht ón scoil chun cabhrú leat an obair bhaile a thuiscint.
- Tá ranganna Gaeilge do thuistí sa scoil
- Usáid an Ghaeilge atá agat chomh minic agus is féidir leat. Feabhsóidh sí de réir a cheile.
- Dialann Obair Bhaile
- Ceannaíonn gach dalta ó Rang a hAon go Rang a Sé dialann obair bhaile na scoile. Tá sé le ceannach ó oifig na scoile. Tá go leor de na polasaithe sa dialann – an cód smachta, frith-bhullaíocht agus rl. Is féidir le tuistí tagairt a dhéanamh dóibh seo mar is gá. Tá áit ar chúl an dialann inár féidir le tuistí nótaí a scríobh maidir le as-láithreachtaí nó éide scoile. Is í polasaí na scoile seo nach go mbeadh nóta mianiúcháin tugtha ag tuistí ar gach as-láithreacht an dalta.

Glac an Bhoird Bainistíochta leis an polasaí athbhreithnithe ar an 27/5/09

<u>Modhanna chun Obair Bhaile a scríobh</u>:

Ranganna Naíonáin

Sna Naíonáin Bheaga cuirtear obair bhaile abhaile gach tráthnóna le treoireacha ar chéard atá le déanamh. **I Rang na Náionáin Mhóra** tá an obair leagtha amach don tseachtain I bhfillteán a chuirtear abhaile ar an Luan. Caithfaidh tuistí cabhair a thabhairt do dhaltaí sna ranganna seo. Ba cheart go síneoidh tuimitheoir an obair bhaile ríochnaith gach lá agus é a chuir ar ais ar scoil.

Rang a hAon –Rang a Sé

Scríobhann na daltaí an obair bhaile sa dialann gach lá.

<u>Síníonn tuismitheóirí an obair bhaile gach oíche nuair a cinntíonn siad go bhfuil sé ar fad críochnaithe</u>. **Má shíníonn tú obair bhaile do pháiste tá an mhúinteoir ag glacadh leis go bhfuil tú sásta go ndearna an phaiste a ndícheall leis an obair bhaile sin.**

Múintear do dhaltaí conas an obair bhaile a chuir I láthar go néata le tedeal, dáta oiriúnach.

Scríobhann an tuismitheoir nóta chuig an mhúinteoir má bhíonn fadhb ag an ndalta leis an obair bhaile. Cruthaíonn sé seo nasc caidrimh idir an bhaile agus an scoil. Má bhíonn aon ní rúnda le cur in iúl ba cheart go gcuirfí seo I gclúdach litreacha dúnta é. Má caithfear pléigh a dhéanamh ar obair bhaile an dalta is féidir cruinniu a eagrú. Ba cheart go dtabharfaí fogra cuí do mhúinteóirí mar chúirtéis agus sa chaoi is gur féidir pléigh ceart a dhéanamh ar na nithe .

Leabhair Oibre

Leis na ranganna Naíonáin agus amanta leis na ranganna eile tugtar leathnach ó leabhair oibre mar obair bhaile. Sa chás seo bíonn na rialacha céanna I gceist ie.ba cheart go gcríochnófaí gach ní a tugadh, é a bhieth néata agus sínithe agus dátaithe ag tuiste.

Póinntí Tábhachta maidir le hObair Bhaile

1. Ba cheart go ndéanfaí obair bhaile I seomra ciúin áit nach mbíonn an teilifís, páistí beaga nó cuairteóirí ag cur isteach ar dhaltaí.
2. Ba cheart go mbeadh cathaoir agus bord feiliúnach don dalta. Níor cheart obair bhaile a dhéanamh ar bhus nó I gcarr.
3. Nuair a thugtar obair ó bhéal (léamh, litriú nó dán) iarr ar do pháiste é a dhéanamh ós árd, tá sé seo ag teastáil ó Rang na Naíon go Rang a Sé.
4. Foghlaimaíotar litriú agus táblaí de ghlan meabhair gach oíche. Usáidtear an módh féach, abair,clúdaigh agus scríobh I gcóir litriú agus táblaí. Ba cheart teist cleachtach a tabhairt sa bhaile roimh teist ar scoil.
5. Ní mhór do dhaltaí pinn luaidhe, leabhair agus rl. a bheith réidh sula dtosaitear an obair bhaile.
6. Ní mhór do thuistí maoirseacht a dhéanamh ar obair bhaile go mór mór sna Ranganna Naíonáin.
7. Déan cinnte go bhfuil gach rud ar an liosta déanta ag an dalta sula siníonn tú é.
8. **Cuir gach rud ar ais sa mhála scoile.**

Gar-Amannta agus Tascanna don Obair Bhaile
Is gar-amannta iad seo don obair bhaile. Ar ndóigh athraíonn sé seo ó pháiste go pháiste. Má tá do phaiste de shíor ag tógail níos mó ama nó níos lú ama na mar ata leagtha amach thíos déan le do thoil déan coinne chun é seo a phléigh leis an mhúinteoir ranga. Anois is arís fiafróidh múinteóirí ar thuistí an méid ama a thógann an obair bhaile a bhreacadh sa dialann.

Naíonáin 10-15 noiméad
Léamh, scríobh/mataí/dathú
Cuirfear leabhair leabharlainne abhaile I rith na bliana as Gaeilge agus as Béarla. Beidh billeog eolais ar conas iad seo a úsáid curtha leis an chead leabhar leabharlainne. Ba mhaith linn a chuir in iúl do thuistí nach gá do pháistí gach focail a léamh. Ba cheart go mbainfeadh tuistí agus páistí taitneamh as na leabhair seo.

Rang a 1 agus Rang a 2 20-30 noim
Léamh Béarla agus Gaeilge, amanta dánta le foghlaim de ghlan mheabhair
Scríobh Gaeilge nó Béarla
Litriú agus Spellings
Mata
Táblaí le foghlaim de ghlan mheabhair
Tugtar spellings, litriú agus tablaí de réir a chéile I Rang a 1. Déanfaidh an mhúinteoir ranga measúnú ar an t-am is fearr chun iad seo a thosú. Cuirfear litir mianiúcháin ar conas iad seo a fhoghlaim de ghlan mheabhair. Tá sé I gceist againn go mbeidh teist spellings, litriú agus táblaí ag na daltaí I rang a 1 agus iad ag druidim le deireadh na bliana.

Ranganna a 3, 4, 5 & 6
Léamh Geailge agus Béarla, amanta danta le foghlaim de ghlan mheabhair
Mata
Litriú agus Táblaí
Scríobh Béarla agus Gaeilge obair ar ghramadach san áireamh
Teagasc Críostaí
Táblaí le foghlaim de ghlan mheabhair
Obair nach bhfuil críochnaithe ar scoil

Léamh sa Bhaile(Naíonáin Bheaga – Rang a Sé)

Obair ó bhéal

Is cuid riachtanach agus tábhachtach í seo den obair bhaile. Ba cheart go mbeadh am tugtha dó seo ag tús nó ag deireadh an seisiún obair bhaile. **Is féidir é seo a reitiú le do pháiste. Tá cuidiú ag teastal ó tuismitheóirí don gné seo den obair bhaile. Ba cheart go ndéanfadh daltaí an obair seo ós árd le daltaí.**
Samplaí d'obair ó bhéal:

a) Litriú agus spellings
b) Léamh ó leabhair
c) Táblaí
d) Dánta

e) Obair gramadaí

Leabhair Leabharlainne, Léamh Bhreise agus Cairde Léitheoireachta

Cabhraíonn léamh bhreise taobh amuigh de théasc leabhair leis an léamh ar an iomlan. Is cuid den obair bhaile í an léamh bhreise seo agus táthar ag súil go léifeadh daltaí cuid den leabhar breise gach oíche. Cuirtear leabhair leabharlainne abhaile I nGaeilge agus I mBéarla. Cuirtear litir mianiúcháin abhaile sna ranganna naíonain ar chonas na leabhair seo a "léamh". . Ba mhaith linn a chuir in iúl do thuistí nach gá do pháistí gach focail a léamh. Ba cheart go mbainfeadh tuistí agus páistí taitneamh as na leabhair seo.

Seo mar a oibríonn sé:

- Tugtar leabhair ó leabharlainn na scoile do dhaltaí. Ceannaitear na leabhair seo as fiundriú ó Chumann na dTuistí agus an Roinn Oideachais .
- Léann gach dalta cúpla leathnach gach oíche. Cabhraíonn sé mar éisteann tuismitheoir leis an dalta ag léamh ós árd.
- Síníonn tuistí liosta speisialta. Le do thoil déan cinnte go bhfuil gach leathnach ar an liosta léite ag do pháiste.
- Seiceáileann an mhúinteoir an léamh bhreise gach lá ar scoil. Tá comh-oibriú idir tuistí agus an scoil riachtanach.
- Iarrtar ar dhaltaí aire a thabahirt do na leabhair. Ní ghlactar le graffiti, dámaiste d'aon gnó nó milleadh leabhair nó cóipleabhair. Tá a fhios againn go dtarlaíonn timpistí agus iarrtar ar dhaltaí nó ar thuistí má bhíonn timpiste é seo a chuir in iúl don mhúinteoir sa chaoi is gur féidir an leabhar a dheisiú nó ceann nua a fháil más gá.

Riachtainaisí na Scoile

Bímid ag súil go mbeidh an obair bhaile ar fad déanta go néata gach lá. Nuair nach gcríochnáionn dalta an obair go sásúil beidh ar an mhúinteoir ranga beart cuí a thógail nó smachtbhanna a chuir in áit ie. Beidh ar an dalta cuid den obair nó é ar fad a athdhéanamh. Má tharlaíonn sé nach mbíonn an obair críochnaithe go rialta glactar leis go bhfuil an phaiste ag briseadh an cód smachta agus leanfar an chód sa chás seo. Cuirfear in iúl don bpríomhoide agus do na tuistí agus tá seans go mbainfear pribhléidí den dalta go dtí go bhfuil feabhas ar an scéal.

Tá a fhios againn go mbíonn cúis mhaith nach bhfuil an obair bhaile críochnaithe ag daltaí ó am go ham. Glacfar le míniúcháin scríofa sínithe agus dátaithe ó thuismitheóirí amháin sa chás seo. Is féidir an nóta seo a scríobh sa dialann obair bhaile nó sa chóipleabhar obair bhaile. Ní féidir glacadh le haon leithscéil eile ó dalta.

Má thiteann an dalta siar ina cuid oibre de shíor nó ar fáthanna eagsúla ní chríochnaíonn sé/sí an obair tugtha ar scoil, iarrfar ar an dalta an obair sin a chríochnú sa bhaile. Sa chás seo críochnóidh an dalta an obair sa chóipleabhair a thosaigh sé/sí é ar scoil.

Ní thugann an scoil obair bhaile ag an deireadh seachtaine go hiondúil ach amháin sna cásanna leagtha amach thíos:

a) Má thiteann dalta siar ina cuid oibre I rith na seachtaine.

b) Mar phionós ar dhaltaí ata ag briseadh an chód smachta mar ata leagtha amach sa chód sin
c) Ar bhun leanúnachas go mór mór do dalta I rang naionain chun seans a thabhairt do dhalta léamh a chleachtadh lena tuistí sa bhaile. Leagfar amach na ceachtanna leitheoireachta seo ar an Aoine don deireadh seachtaine.

Daltaí as láthar

Má bhíonn dalta as láthar ar feadh tréimhse fada (tinneas nó rl.) iarrtar ar thuistí dul I dteangbhán leis an mhúinteoir ranga chun clár oibre a leagadh amach gur feidir a dhéanamh sa bhaile nuair ata an dalta as láthar.